

**Dáileadh
Leighis.
Gaelscoil
Bhaile Brigín.**

Ráiteas Tosaithe:

Is Gaelscoil faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta í Gaelscoil Bhaile Brigín. Feidhmníonn sí faoi rialacha na scoileanna náisiúnta faoi mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Cuireadh an polasaí seo le chéile i mí Dheireadh Fomhair 2016. Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm le haird faoi leith tugtha ar pholasaithe eile na scoile, ar nós an Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta agus an Polasaí um Theagmhais Chriticiúla.

Baineadh úsáid as na doiciméid seo a leanas an polasaí seo á dhréachtadh:

- An tAcht Oideachais 1998
- An tAcht EPSEN 2004
- An tAcht in aghaidh Idirdhealú ar bhonn Míchumais 2005
- Treoracha Chumann Múinteoirí Éirinn 2012
- Ag bainistiú Ríochtaí Sláinte Ainsealacha ar Scoil

Ag cloí le héiteas na scoile, tá an Bord Bainistíochta agus an fhoireann tiomanta don oideachas agus aire is fearr a chur ar fáil dár gcuid daltaí agus tabharfar aire do riachtanais aon pháiste má éiríonn siad tinn nó má ghortaítear iad ar scoil. Tá riachtanais shláinte fadtearmacha ag roinnt páistí a bhfuil gá orthu leigheas a ghlacadh ar bhonn rialta nó leanúnach chun go mbeidh siad in ann freastal ar scoil.

Tá an bord agus an fhoireann tiomanta do thacaíocht a chur ar fáil do pháistí sa suíomh seo agus lena rannpáirtíocht i saol na scoile a éascú. Má tá gá le dáileadh leighis chun seo a áisiú, déanfar gach iarracht freastal ar riachtanais an pháiste ag cloí leis na treoirleá thíos faoi.

Réasúnaíocht agus Cúlra:

Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta an scoil a riaradh faoi réir an Acht Oideachais 1998 agus rialacha na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ba cheart aon bhuaireanna a threorú chuig Bord Bainistíochta na Scoile. Cé go bhfuil ról ag an mBord Bainistíochta sláinte agus sábháilteacht na bpáistí chosaint, ní thugann sé seo le fios go bhfuil dualgas ar mhúinteoirí go pearsanta leigheas a dháileadh, mar gur ról deonach é seo.

Ní féidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna treoir a thabhairt d'aon bhall den Bhord Bainistíochta nó d'aon bhall foirne aon leigheas a dháileadh nó aon próiseas nó gníomh a chur i bhfeidhm ar scoláire, a dhéanann daoine gairmiúla i réimse na sláinte msh banaltra nó dochtúir

Aidhmeanna an Pholasaí:

Tá achoimire anseo ar aidhmeanna agus cuspóirí an pholasaí:

- Tinreamh na ndaltaí a chur chun cinn
- Laghdú a dhéanamh ar rioscaí sláinte dhaltaí agus foirne ar thalamh na scoile
- Dualgais an Bhoird Bhainistíochta maidir le sláinte agus sábháilteacht a chomhlíonadh
- Creatlach a eisiúint inár féidir leigheas a dháileadh, i gcásanna práinn nó sa chás go mbíonn leigheas le tabhairt ar bhonn leanúnach atá aontaithe le tuismitheoirí/caomhnóirí
- Cosaint a thabhairt do bhaill foirne atá sásta leigheas a dháileadh
- Treoirínite soiléire a chur ar fáil do bhaill foirne ar conas plé le cás éigeandála leighis.

Scóip an Pholasaí:

Baineann an polasaí seo le gach ball foirne, tuismitheoirí agus caomhnóirí, baill an Bhoird Bhainistíochta agus Choiste na dtuistí a bhfuil ról acu i gcinntiú sláinte agus sábháilteacht gach scoláire.

Scaipeadh an Pholasaí:

Tabharfar cóip do gach ball foirne, bhaill an bhoird agus choiste na dtuistí, chomh maith le tuismitheoirí agus a gcuid páistí ag tosú sa scoil. Beidh cóip ar fáil ar shuíomh idirlíon na scoile chomh maith.

Oiliúint:

Socróidh an Bord Bainistíochta oiliúint Céadchabhair do bhaill aitheanta ar bhonn rialta.

Sainmhíniú ar Chéadchabhair:

I gcomhthéacs an pholasaí seo bainfear úsáid as an míniú seo a leanas:

- Cóir leighis ar ghorthú beag msh gearradh, brúite nó leonadh
- Cóir leighis i gcás a bhfuil baol báis ann fad is atáthar ag fanacht ar chabhair proifisiúnta leighis

Ní hé aidhm Céadchabhair i gcomhthéacs scoile an duine gorthaithe a leigheas, ach a chinntiú, chomh fada is gur féidir nach rachadh an gortú nó an tinneas in olcas sula dtagann cabhair proifisiúnta. Níor cheart aon drogall a bheith ar bhaill fhoireann na scoile i gcás práinn. Ba cheart d'aon duine fásta eile atá dualgas teacht i gcabhair go huathoibríoch ar aon bhall foirne i gcás práinn.

Co-ordnaitheoir Céadchabhrach Ainmnithe:

Déanfaidh an Bord Bainistíochta duine a ainmniú gur ghá dóibh cúrsa céadchabhrach a dhéanamh, ar a laghad gach 3 bl agus a bhfuil teastas faighte ó chomlucht aitheanta. Sé dualgas an chomhordnaitheora

- Féachaint i ndiaidh dáileadh leighis ar bhonn scoile
- Eolas a roinnt leis an bhfoireann maidir le socraithe céadchabhrach, lonnaíocht fearais, acmhainní agus daoine
- Fearas céadchabhrach a chinntiú
- Cinnte a dhéanamh go nglaothar ar otharcharr más gá

Déanann baill foirne atá sásta a bheith ainmnithe é seo ar bhonn deonach.

Fearas:

Tá boscaí garchabhair in Oifig an rúnaí agus sa seomra foirne. Tá cinn eile sna boscaí clóis agus sna seomraí ranga. Cuirtear baill foirne uilig ar an eolas mar gheall air seo. Déantar na boscaí seo a athlíonadh de réir mar is gá ag an té atá freagrach as.

Timpiste/gortú beag:

Ó am go chéile, gortaítear páistí ar scoil. De gnáth tarlaíonn sé seo ar an gclós nuair a bhíonn siad ag spraoi. Tugann an múinteoir atá ar an gclós aire dó/dí ag an tús. Cuirtear an páiste chun an tseomra foirne más gá. Ní thabharfar aon leigheas ach glanfar aon ghearradh, cuirfear bindealán air más gá. Moltar láimhíní plaisteacha a úsáid i gconaí.

Timpistí/gorthaithe níos dáiríre

Má shíltear go bhfuil sé sábháilte a leithead a dhéanamh, tabharfar an duine gortaithe go dtí an Oifig. Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí an pháiste ar an eolas láithreach, go háirithe má shíltear go bhfuil baol ann go bhfuil cnámh briste nó gortú cinn nó súl tarlaithe. Coinneofar súil ar an bpáiste go dtagann tuismitheoir/caomhnóir chun iad a bhailiú, ag déanamh gach iarrachta suaimhneas an pháiste a chinntiú.

Gortaithe an-dáiríre:

I gcás go bhfuil gortú fíor-dona ann, má shíleann ball foirne go bhfuil gá le cóir leighis proifisiúnta, glaofar ar otharcharr láithreach. Rachfar i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí láithreach freisin.

Éiseofar garchabhair chun beatha an duine a chaomhnú nó chun gortú dáiríre eile a sheachaint. Déanfar gach iarracht a chinntiú nach mbogann an t-othar go dtí go dtagann duine proifisiúnta msh dochtúir, banaltra nó paraimeidic.

Ar bhonn eisceachtúil, d'fhéadfaí go gcinneadh ball foirne go mbeadh sé níos fearr páiste a thabhairt chuig an ospidéal ina charr príomháideach féin. Coinneofar tuismitheoirí ar an eolas de réir mar a fhorbraíonn an comhthéacs.

Taifead:

Coinneofar taifead de gach timpiste/gortú dáiríre sa leabhar taifid sa seomra foirne. Tá leabhar taifid amháin a chlúdaíonn na páistí ar fad sa scoil. Is gá dáta agus am an timpiste, na gortaithe, cuir síos beag ar ceard a tharla agus ceard a rinne baill foirne srl.

Cuirfear comhlucht árachais na scoile ar an eolas sa chás go mbíonn gortú an-dáiríre ann. Bailítear sonraí leighis páistí nuair a thosaíonn siad ar scoil.

Dáileadh Leighis

Mion-tinnis:

Ba cheart aon pháiste atá tinn agus nach bhfuil in ann freastal ar scoil a choinneáil sa bhaile go dtí go bhfuil sé/sí i gceart arís. Ó am go chéile éiríonn páistí tinn ar scoil agus is féidir le múinteoirí/príomhoide dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí le go dtabharfar abhaile é/i. I gcás práinn, lorgófar cabhair proifisiúnta don pháiste.

Ríochtaí Sláinte Ainsealacha:

Tá an Bord Bainistíochta tiomanta do shábháilteacht na scoláirí a bhfuil ríochtaí sláinte ainsealacha ar nós plúchadh, titimeas, diabéiteas nó anaifíolacsas acu a chinntiú. Leanfar na treoirlínte faoi mar atá leagtha amach i “mBainistiú Ríochtaí Sláinte Ainsealacha ar Scoil” i gcás pháistí a bhfuil ríochtaí sláinte ainsealacha acu. Tabharfar cóip crua do gach ball foirne agus beidh cóip san Oifig. Tá príomhchuram shláinte a bpáiste ar thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ar chlarú an pháiste dóibh, is gá dóibh eolas i scríbhinn a sholáthair don scoil maidir le riachtanais shláinte a bpáiste, nó a luaithe is go dtagann sé chun cinn. Is féidir sin a dhéanamh tríd Aguisín 2 a líonadh isteach. Is gá seo a uasdátú gach bliain nó níos rialta más gá.

Cuirfear tuismitheoirí nó cóitseáilithe ar an eolas faoi aon scoláire a bhfuil riachtanais acu má tá buairt nó baol ann má tá seachaint nó aire le déanamh i gcás aon ghníomhaíochtaí. Cuirfidh an Bord Bainistíochta oiliúint ar fáil maidir le dáileadh leighis éigeandála le haghaidh galair faoi leith.

I gcorbacht ar acmhainní a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna, déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht a chinntiú gur féidir le páistí le ríochtaí sláinte ainsealacha páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den churaclam agus go ndéanfar an t-idirdhealú cuí.

Leigheas ar Oideas:

Sa chás go bhfuil gá do pháiste leigheas a thógáil do ríochtaí sláinte ainsealacha, déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht freastal ar thuismitheoirí/caomhnóirí ar ghá dóibh teacht isteach chun na scoile gur freastal ar riachtanais an pháiste nó más gá don pháiste dul abhaile. Le laghdú a dhéanamh ar chur isteach an pháiste, iarrtar, nuair is féidir, go ndéanfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí iarratas ar an dochtúr socraithe a dhéanamh go mbeadh dáileadh leighis taobh amuigh d'am scoile.

Nuair atá an páiste in ann leigheas a dháileadh air féin, tá an dualgas ar an tuismitheoir/caomhnóir a chinntiú go bhfuil leigheas; idir práinneach agus neamhphráinneach, a thógtar isteach mairceáilte go soiléir le

- Ainm an pháiste
- Ainm an leighis
- Méid agus líon amanna don leigheas
- Dáta caite an leighis

Is gá do pháistí le plúchadh a gcuid leighis a bheith leo i gconaí. Coinneoidh siad a gcuid annalathóirí leo an t-am ar fad, sa seomra ranga, ag corp oideachais, turais scoile nó aon ghníomhaíochtaí eile taobh amuigh den scoil. Páistí ar ghá dóibh anapen a thógáil, tabharfaidh siad leo iad chuig an gclós. I gcás na naíonán, cuirfidh an múinteoir ranga amach é.

Freagracht maidir le Dáileadh Leighis:

Is é freagracht an tuismitheora/chaomhnóra é dáta caite an leighis a sheiceáil agus fáil reidh i slí oiriúnach nuair atá sé imithe as dáta. Is gá aon leigheas ar ghá dó a bheith coinnithe is gcuisneoir a bheith curtha, i mbosca dúnta, cun an scoile le lipéid shoiléire leis na sonraí thuas luaite air.

Ní féidir iachall a chur ar aon mhúinteoir leigheas a thabhairt d'aon pháiste. Níor cheart d'aon mhúinteoir atá toillteanach leigheas a dháileadh é a dhéanamh, ach amháin má tá treoirlínte dochta leagtha amach, agus go bhfuil siad muiníneach go mbeidh sé sábháilte é a dhéanamh agus go mbeidh sé treoranta do chásanna éigeandála amháin.

Tá aon mhúinteoir a ghlacann leis an bhfreagracht seo ag glacadh le dualgas mór dleathúil é a chur i gcrích go freagrach. Ba cheart gach aire a thabhairt. Ba cheart treoracha soiléire a fháil maidir leis an dáileadh leighis agus ba cheart cloí go docht leo. Seo a leanas na treoracha:

- Is gá don tuismitheoir/caomhnóir scríobh chuig an mBord Bainistíochta ag lorg cead do bhall foirne leigheas a dháileadh
- Is gá go mbeadh treoracha soiléire scríofa a bheith ann maidir leis an leigheas a bheith dailte. Is gá dóibh a shoiléiriú ceard is féidir agus ceard nach féidir a dhéanamh i gcás práinn, le haird faoi leith ar ceard a bheadh baolach don pháiste
- Déantar é seo tríd an bhfoirm iarratais chuí. Is foirm éagsúil é seo ón bPlean Aire Sláinte a chuirfidh na tuismitheoirí le chéile. Is gá foirm iarratais a chomhlíonadh go bliaintiúil, nó má athraíonn an múinteoir.
- Is féidir leis an mBord Bainistíochta an t-iarratas a cheadú tar éis macnamh a dhéanamh air. Má cheadaítear don iarratas, tabharfaidh an Bord Bainistíochta treoir cinnte don mhúinteoir.
- Ní thabharfaidh aon mhúinteoir leigheas amach gan cead soiléir ón mBord Bainistíochta.
- Éiseoidh múinteoir atá ag dáileadh leighis an t-aire céanna agus a thabharfadh tuismitheoir nó caomhnóir réasúnta, aireach.
- Cuirfidh an Bord Bainistíochta comhlacht árachais na scoile ar an eolas
- Lorgóidh an Bord Bainistíochta slánaíocht ó thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le haon dliteanas a d'fhéadfadh eascairt as leigheas a dháileadh.

Ba cheart do thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil na treoracha intuigthe go soiléir sula gcuireann siad iarratas isteach an mBord Bainistíochta. Nuair atá an próiseas thuas curtha i bhfeidhm, tabharfaidh an Bord Bainistíochta suntas don iarratas agus do cead a thabhairt do mhúinteoir eile an leigheas a dháileadh sa chás go bhfuil an múinteoir ainmnithe as láthair.

Critéir le háireamh nuair atá iarratas á mheas:

Nuair atá an Bord Bainistíochta ag déanamh iarratas ó thuismitheoirí/chaomhnóirí a mheas, is gá dón Bhord na critéir seo a leanas a áireamh:

- Ar chlóg na tuismitheoirí/chaomhnóirí leis na treoirlínte faoi mar atá leagtha amach agus an t-iarratas á dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta?
- Cén catagóirí leighis ar féidir leis an bhfoireann a dháileadh agus faoi cén coinníollacha?
- Sa chás go bhfuil ríocht sláinte faoi leith ag scoláire, an bhfuil baill foirne eolach maidir leis na comharthaí is coitianta d'ionsaí/tinneas an scoláire? Cén áit a mbeadh leigheas de dhíth? Sa chás go bhfuil leigheas ag teastáil, ar cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann?

- Cén socraithe atá i bhfeidhm má tá an múinteoir ainmnithe as láthair?
- Cé a thabharfaidh an leigheas i gcás práinn?
 - Ceard iad na réamhchúraimí atá de dhíth ar mhúinteoirí? Msh an bhfuil teoracha soiléire ó na tuismitheoirí/caomhnóirí nó duine eile oiriúnach atá níos oillte ar cén chaoi agus cén áit leis an leigheas a dháileadh?
 - An bhfuil an fhoirm shlánaíochta líonta?
 - Conas go gcuirtear foireann na scoile ar an eolas maidir le socraithe dáileadh leighis ó bhliain go bliain?
 - An bhfuil sonraí teagmhála uasdátaithe na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ar fáil?
 - An bhfuil sonraí éigeandála ar fáil?
 - Cé chomh minic a déantar athbhreithniú ar an gcás áirithe?

Leigheas nach ar oideas é:

Níl cead ag páistí leigheas nach bhfuil ar oideas, ar nós ach ní teoranta chuig, leacht casachta, panadol/ibuprofen, anti-histamines agus ní dháilfear ar scoláirí iad. Má thagtar orthú, bainfear iad agus rachfar i dteagbháil le tuismitheoirí/caomhnóirí. Más gá do pháiste glacadh leis leigheas le linn an lae, is gá socraithe a dhéanamh go dtiocfaidh duine chun é a dháileadh.

Diúscairt shábháilte leighis:

Is gá do thuismitheoirí diúscairt shábháilte leighis atá caite a chinnitú. Is gá anapens caite a thabhairt do lucht an otharchairr.

Diúscairt earraí géara (Sharps):

Is gá boscaí d'earraí le diúscairt shábháilte a chinntiú. (Is bosca beag buí plaisteach é, le clúdach cosantach le húsáid le fáil reidh le hearraí géara). Is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí ceann a chur ar fáil don scoil. Coinneofar na boscaí seo sa seomra foirne nuair nach bhfuil siad in úsáid ach amháin go bhfuil áit shábháilte eile ar fáil.

Má tá an bosca de dhíth in áit nach láthair na scoile é, beidh ball foirne ainmnithe freagrach as agus tabharfar ar ais chuig an scoil nó tuismitheoirí/caomhnóirí an scoláire é. Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí socraithe a chur i bhfeidhm chun seacadadh/bailiú an bhosca a chinntiú.

Daingniú agus Cur i bhfeidhm:

Daingníodh an polasaí seo ag cruinniú boird 24/10/16 agus cuirfear i bhfeidhm láithreach é.

Athbhreithniú:

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo i 2020 nó roimhe sin más gá,

Siniú an Chathaoirligh: _____ . **Dáta:** _____

Aguisín 2/APPENDIX 2

FOIRM EOLAIS/MEDICAL INFORMATION FORM

Dáta Líonta/Date Completed _____ Dáta Athbhreith/Date of Review _____

1. Eolas an Scoláire/ Student Information

Ainm/Name: _____ Rang/Class: _____

Dáta Breithe/Date of Birth: _____ Aois/Age: _____

Siblí ar scoil/Siblings in school

Ainm/Name : _____ Rang/Class: _____

Ainm/Name : _____ Rang/Class: _____

Ainm/Name : _____ Rang/Class: _____

2.Sonraí Teaghála/Emergency Contacts information

Ainm/Name : _____ Ainm/Name: _____

Fón/Phone: _____ Fón/Phone: _____

Gaol/Relationship to pupil; _____ Gaol/Relationship to child: _____

GP/Dochtúir

Ainm/Name: _____ Fón/ Phone : _____

3. Sonraí an Pháiste/ Details of Pupil's condition.

Comharthaí Tinnis an Pháiste/Signs and symptoms of pupil's condition:

Trúig a chuireann leis an tinneas/Triggers or things that make condition worse;

4. Gnáth riachtanais shláinte/ Routine Healthcare requirements:

5.Regular medication taken during school hours(including trips):

6.Emergency medication. Please fill out full details including dosage:

7. Gníomhaíochtaí/Activities: any special considerations ;

8. Aon eolas eile maidir le sláinte /Any other information relating to pupil's health

APPENDIX 3

MEDICATION AUTHORISATION FORM

Parental and student agreement (please tick the correct reply)

I agree _____ I do not agree _____

that the medical information contained in this plan may be shared with individuals involved with my child's care and education (this includes emergency services). I understand that I must notify the school of any changes in writing.

Signed by parent: _____

Print name: _____

Date: _____

Permission for emergency medication (please tick correct reply)

In the event of an emergency, I agree _____ I do not agree _____

With my child receiving medication administered by a staff member or providing treatment as set out in the attached emergency plan.

Signed by parent: _____

Print Name : _____

Date: _____

We hereby acknowledge that no responsibility or liability of whatsoever nature shall rest with the school authorities, teaching or ancillary staff nor with the teacher concerned in respect to any accident, illness, injury or difficulty of whatsoever nature which may arise as a consequence of the failure to comply in any way or in full with above request.

Siniú an tuismitheora/Signature: _____

Emergency Medication Provision Form.

Dáta/Date	Am/ Time	Ainm/ Name	Leigheas/ Medication	Méid/ Dosage	Any reactions	Duine Freagrach/ Administrator
------------------	---------------------	-----------------------	---------------------------------	-------------------------	--------------------------	---